CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

**PREASEISIÚINT Uimh. 127/25**

**Lucsamburg, 22 Meán Fómhair 2025**

## Comhdhéanamh nua Dhlísheomraí Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh

Tar éis athnuachan pháirteach ar Chomhaltaí Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh [1], toghadh an Uachtaráin [2], an Leas-Uachtaráin [3], Uachtaráin na nDlísheomraí [4] agus na mBreithiúna a n-iarrtar orthu feidhmeanna Abhcóide Ghinearálta a fheidhmiú chun iarrataí ar réamhrialú a láimhseáil [5], leasaigh an Chúirt Ghinearálta, an 22 Meán Fómhair 2025, an cinneadh maidir le comhdhéanamh na nDlísheomraí agus sannadh Breithiúna ar Dhlísheomraí, an cinneadh maidir le comhdhéanamh an Mhór-Dhlísheomra agus an Dlísheomra de mhéid idirmheánach, an cinneadh maidir leis na critéir leithdháilte ar na Dlísheomraí, agus an cinneadh maidir leis an modh chun Breitheamh a ainmniú in ionad an Bhreithimh nach féidir leis feidhmiú.

Don tréimhse ón 16 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2028, tá an Chúirt Ghinearálta comhdhéanta de dheich nDlísheomra, a bhfuil seacht gcinn acu freagrach as cásanna a bhaineann le dlí maoine intleachtúla agus trí cinn acu freagrach as cásanna a bhaineann leis an státseirbhís [6]. Tá an dá Dhlísheomra atá freagrach as iarrataí ar réamhrialú san áireamh sna seacht nDlísheomra atá freagrach as cásanna a bhaineann le cearta maoine intleachtúla.

Comhdhéanamh Dhlísheomraí na Cúirte Ginearálta ón 22 Meán Fómhair 2025:

**An Chéad Dlísheomra:**

- Eugène Buttigieg, Uachtarán Dlísheomra,
- Juraj Schwarcz, Mariyana Kancheva, Elisabeth Tichy-Fisslberger, Francesco Bestagno, Breithiúna.

**An Dara Dlísheomra,** atá freagrach freisin as hiarrataí ar réamhrialú a láimhseáil:

- Nina Półtorak, Uachtarán Dlísheomra,
- José Martín y Pérez de Nanclares, breitheamh ar iarradh air feidhmeanna an Abhcóide Ghinearálta a fheidhmiú chun cásanna réamhrialaithe a lámhseáil [7],
- Gerhard Hesse, Gabriele Steinfatt, David Petrlík, Ioannis Dimitrakopoulos, Breithiúna.

**An Tríú Dlísheomra:**

- Krystyna Kowalik-Bańczyk, Uachtarán Dlísheomra,
- Inga Reine, Ricardo da Silva Passos, Hervé Cassagnabère, Tanja Pavelin, Breithiúna.

**An Ceathrú Dlísheomra:**

- Geert De Baere, Uachtarán Dlísheomra,
- Jesper Svenningsen, Colm Mac Eochaidh, Raphaël Meyer, Danutė Jočienė, Breithiúna.

**An Cúigiú Dlísheomra,** atá freagrach freisin as hiarrataí ar réamhrialú a láimhseáil:

- Miguel Sampol Pucurull, Uachtarán Dlísheomra,
- Maja Brkan, Breitheamh a n-iarrtar air feidhmeanna an Abhcóide Ghinearálta a fheidhmiú chun cásanna réamhrialaithe a lámhseáil [8],
- Tuula Riitta Pynnä, Johannes Christoph Laitenberger, Mirela Stancu, William Valasidis, Breithiúna.

**An Séú Dlísheomra:**

- Petra Škvařilová-Pelzl, Uachtarán Dlísheomra,
- Iko Nõmm, Damjan Kukovec, Raffaella Pezzuto, Breithiúna.

**An Seachtú Dlísheomra:**

- Krisztián Kecsmár, Uachtarán Dlísheomra,
- Lauri Madise, Paul Nihoul, Ulf Öberg, Laurent Truchot, Breithiúna.

**An tOchtú Dlísheomra:**

- Ion Gâlea, Uachtarán Dlísheomra,
- Maria José Costeira, Tihamér Tóth, Beatrix Ricziová, Louise Spangsberg Grønfeldt, Breithiúna.

**An Naoú Dlísheomra:**

- Suzanne Kingston, Uachtarán Dlísheomra,
- Anna Marcoulli, Pēteris Zilgalvis, Jörgen Hettne, Breithiúna.

**An Deichiú Dlísheomra:**

- Saulius Lukas Kalėda, Uachtarán Dlísheomra,
- Marc Jaeger, Heikki Kanninen, Tamara Perišin, Steven Verschuur, Breithiúna.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Féach an phreaseisiúint Uimh. 121/25 an 15 Meán Fómhair 2025.

[2] Féach an phreaseisiúint Uimh. 122/25 an 16 Meán Fómhair 2025.

[3] Féach an phreaseisiúint Uimh. 123/25 an 16 Meán Fómhair 2025.

[4] Féach an phreaseisiúint Uimh. 124/25 an 17 Meán Fómhair 2025.

[5] Féach an phreaseisiúint Uimh. 125/25 an 17 Meán Fómhair 2025.

[6] Áirítear leis na cásanna sin anois ní hamháin na cásanna a bhfuil a mbunús sa chaidreamh fostaíochta idir an tAontas Eorpach agus a fhoireann, ach freisin na cásanna sin a bhfuil a mbunús sa chaidreamh idir, ar thaobh amháin, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus, ar an taobh eile, a gComhaltaí nó a n-iarchomhaltaí, agus na daoine a bhfuil téarma oifige á dhéanamh acu nó a bhfuil téarma oifige curtha i gcríoch acu laistigh de na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí sin de chuid an Aontais.

[7] I gcomhréir le hAirteagal 31a de na Rialacha Nós Imeachta, '[I]s é Uachtarán na Cúirte Ginearálta a chinnfidh sannadh na gcásanna réamhrialaithe ar na hAbhcóidí Ginearálta. I gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 49a den Reacht, roghnófar Abhcóide Ginearálta, as measc na mBreithiúna arna dtoghadh chun an fheidhm sin a fheidhmiú, atá i nDlísheomra eile nach é an Dlísheomra dár sannadh an cás.'

[8] Ibidem.